Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Telephone: +353-90-64 42759 Fax:+353-90-647 3080. Web: www.examinations.ie. E-mail: info@examinations.ie

S52/10

Go dtí: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Dáileadh Páipéar Scrúdaithe "Aghaidh –In-Airde"

A Phríomhoide a chara,

mar chuid de shraith athruithe atá á dtabhairt isteach ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit do na scrúduithe teistiméireachta i 2010, chun an baol go ndáilfeadh feitheoir an páipéar mícheart le neamhaird, a laghdú, táthar ag tabhairt treorach d'fheitheoirí páipéir scrúdaithe a thabhairt amach "Aghaidh – In – Airde" d'iarrthóirí.

Sa bhliain 2010 agus ina dhiaidh sin, beidh leathanach cumhdaigh ar na páipéir scrúdaithe ar fad. Athróidh sé seo uimhriú na leathanach dá réir i gcás roinnt páipéar scrúdaithe. Ní athróidh sé ábhar agus leagan amach na bpáipéar scrúdaithe.

Baineann dhá eisceacht leis na socruithe seo, i.e.

1. **Scrúdú: Teastas Sóisearach**
   Ábhar: Teicneolaíocht Ábhar – Adhmad
   Leibhéil: Ard agus Gnáth

   Ón mbliain reatha seo, 2010, agus uaidh sin amach beidh Ceist 1, a bhí ar leathanach 1 (cumhdach tosaigh) ar leathanach 2 feasta. Bogfar na ceisteanna eile dá réir. Chun nach roinnfear an cheist ina raibh rogha inmheánach thar dhá leathanach, beidh ceist 4 mar a bhíodh, in áit na ceiste a bhíodh mar cheist 5 de ghnáth. Dá bhrí sin, is í ceist 5 (i.e. 5A nó 5B) a thabharfaidh rogha inmheánach anois agus beidh sí ar leathanach 4 (an leathanach deireanach) den pháipéar scrúdaithe.

2. **Tástálacha Cluastuisceana**

   Ní athróidh uimhriú na leathanach ná leagan amach na bpáipéar scrúdaithe seo thar mar a bhíodar le roinnt blianta.

Cuir múinteoirí agus iarrthóirí ar a n-aire maidir le hábhar an chiorcláin seo le do thoil.

Is mise

Majella Smyth,
Ardoifigeach Feidhmiúcháin,
Bealtaine, 2010